# MO CHONAIR GHAIRME ALAN

publicjobs

poistphoiblí
publicjobs

## Thosaigh Alan in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim mar Oifigeach Cléireachais agus chuir sé isteach ar ról mar Láimhseálaí Madraí i Rannóg na gCustam. Ó shin, tugadh ardú céime dó i ngrád an Oifigigh Feidhmiúcháin i ról eile.

“Is féidir go gcuirfí ag obair in aon áit mé, ag obair le madra drugaí/airgid thirim, ag cabhrú le cuardaigh i gCalafort/in Aerfort Bhaile Átha Cliath, in Eoraphort Ros Láir, i gCalafort/ in Aerfort Chorcaí, a bhaineann le paisinéirí agus feithiclí, mar aon le cabhair a thabhairt don Gharda Síochána in oibríochtaí ilghníomhaireachta.”



Nuair a d’fhág mé an scoil, d’oibrigh mé i bpoist éagsúla go dtí gur íoc mé as cúrsa a dhéanamh chun a bheith i mo thiománaí forcardaitheora cáilithe. Chaith mé 11 bhliain ag obair mar oibrí ginearálta ansin i dtrádstóras go dtí gur cuireadh ar iomarcaíocht mé in 2012.

Le linn tréimhse dífhostaíochta rinne mé cúrsa Teastais CDAO sa TF, sa Díolachán agus sa Mhargaíocht Dhigiteach, a chabhraigh liom post a fháil mar riarthóir i gcomhlacht soláthairtí draenála.

In 2016, chuaigh mé go Riverfest i mBaile Átha Cliath agus bhuail mé le beirt láimhseálaithe madraí ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Bhí suim mhór agam ina ról, ach mhínigh siad dom nach bhféadfá cur isteach ar phost mar Láimhseálaí Madraí ach amháin má bhí tú ag obair cheana féin leis na Coimisinéirí Ioncaim.



Níos déanaí sa bhliain sin, fógraíodh comórtas ar Public Jobs d’fholúntais d’Oifigigh Chléireachais sa Státseirbhís. Chuir mé iarratas isteach agus cuireadh ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim mé in 2017. Ar dtús, d’oibrigh mé i Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha san aonad Earcaíochta.

Cé gur bhain mé taitneamh as an am a chaith mé i Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha, ní raibh mé in ann an deis a bheith i mo Láimhseálaí Madraí a ligean tharam agus in 2018 d’éirigh liom i gcomórtas inmheánach do Láimhseálaithe Madraí. Chuaigh mé go dtí an Bhreatain Bheag ar feadh 6 seachtaine chun dianchúrsa oiliúna a dhéanamh sa Láimhseáil Mhadraí.

Bhí an-sásamh le fáil sa ról. Is féidir go gcuirfí ag obair in aon áit mé, ag brath ar riachtanais oibríochta, ag obair le madraí drugaí/airgid thirim, ag cabhrú le cuardaigh i gCalafort/in Aerfort Bhaile Átha Cliath, in Eoraphort Ros Láir, i gCalafort/in Aerfort Chorcaí a bhaineann le paisinéirí agus feithiclí, mar aon le cabhair a thabhairt don Gharda Síochána in oibríochtaí ilghníomhaireachta agus i gcuardaigh in áitribh.



D’fhoghlaim mé an-chuid rudaí nua mar Láimhseálaí Madraí agus fuair mé ardú céime le déanaí go grád an Oifigigh Feidhmiúcháin, ag obair san Aonad um an gClár Teicneolaíochta Braite/Madraí Náisiúnta. Chabhraigh mo phost mar Láimhseálaí Madraí liom cur le mo scileanna maidir le foirne a stiúradh, mo scileanna cumarsáide agus mo scileanna maidir le torthaí a bhaint amach.

Mholfainn gairm sa státseirbhís do dhéagóirí, agus mhol mé gairm den chineál seo do mo mhac féin, atá 17 mbliana d’aois. Tá a lán deiseanna ann dul chun cinn a dhéanamh i do ghairm, trí ghluaiseacht chliathánach nó trí chomórtais ardaithe céime. Tá deiseanna ann chomh maith cur le do chuid scileanna, go háirithe in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, ina gcuireann siad cúrsaí dioplóma agus céime sa Chánachas ar fáil nó scéim um Aisíoc Táillí do dhaoine a bhfuil cúrsaí eile á ndéanamh acu chun cur le scileanna atá oiriúnach dá ról.

B’fhéidir nach bhfuil an chuma seo air anois, ach is iad do laethanta scoile na laethanta is fearr i do shaol, agus, mar sin, ba chóir duit fanacht ar scoil, d’Ardteist a dhéanamh agus machnamh a dhéanamh ar na rudaí ar mhaith leat a dhéanamh. Ní oireann an coláiste do chuile dhuine agus d’fhéadfadh an státseirbhís gairm ina bhfuil sásamh ar fáil a chur ar fáil, má tá tú sásta do dhícheall a dhéanamh agus más mian leat dul chun cinn a dhéanamh. Ní gá duit an bealach fada a ghlacadh, ar aon dul liomsa!

poistphoiblí publicjobs

# Sonraí an Phoist – Oifigeach Feidhmiúcháin

poistphoiblí publicjobs

| | |
|---|---|
| ROINN | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Faigh tuilleadh eolais anseo |
| TUARASTAL | Ag tosú ar €33,812 sa bhliain *is féidir go n-athrófaí é seo |
| CUR SÍOS AR AN RÓL | Déanann Oifigigh Feidhmiúchán anailís chriticiúil ar mholtaí agus ar thuarascálacha, agus déanann siad imscrúdú ar chásanna neamhchoitianta casta a dteastaíonn cinneadh uatha. Glacann Oifigigh Feidhmiúcháin páirt i réimse leathan ról agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear: taighde a dhéanamh ar mholtaí a bhaineann le ceisteanna beartais agus reachtaíochta agus moltaí den chineál sin a dhréachtú; feidhmiú mar bhainisteoirí sóisearacha i Ranna Rialtais; freagrachtaí maidir le hoibríochtaí a bhainistiú agus, tar éis dóibh roinnt taithí a fháil, líon mór daoine agus acmhainní eile a bhainistiú; a bheith ag plé go díreach leis an bpobal i dtaca leis na seirbhísí a chuireann an Státseirbhís ar fáil dóibh. Tá Oifigigh Feidhmiúcháin fostaithe i ngach Roinn/Oifig Rialtais ina bhfuil réimse freagrachtaí feidhmiúcháin. Is é grád an Oifigigh Feidhmiúcháin an grád iontrála don bhainistíocht shóisearach sa Státseirbhís. |
| RIACHTANAIS IONTRÁLA | • Ardteistiméireacht Leibhéal 4 nó níos airde a bheith agat, nó cáilíocht leibhéal 4 ar a laghad, mórdhámhachtain nó miondámhachtain ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, agus<br>• na scileanna/cumais atá riachtanach don ról mar a leagtar amach sa Chreat Inniúlachta poistphoiblí a léiriú<br>• riachtanais maidir le Saoránacht, Dea-Cháil & Sláinte, Grinnfhiosrúchán & Imréiteach Slándála an Gharda Síochána, agus Seiceáil Teistiméireachta a chomhlíonadh<br>• cinntiú go gcomhlíonann siad na critéir i dtaca le hIomarcaíocht sa tSeirbhís Poiblí & sa Státseirbhís / Scéimeanna Scoir mar gheall ar Dhrochshláinte<br>• Tá an cháilitheacht chun dul in iomaíocht ar oscailt anois do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (EEA), na Ríochta Aontaithe, na hEilvéise, nó daoine nach saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad ach a bhfuil Víosa Stampa 4 acu. |
| AN PRÓISEAS IARRATAIS | 1. Cláraigh d’fholáirimh maidir le poist ar publicjobs.ie chun a bheith ar an eolas nuair a thagann folúntais chun cinn.<br>2. Cuir iarratas isteach ar Publicjobs.ie roimh an dáta dúnta.<br>3. Ceistneoir Measúnaithe ar Líne.<br>4. Agallamh. |